

Tubaiste Nádúrtha

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thubaiste nádúrtha sa Nua-Shéalainn. Cad atá ar eolas agat faoin scéal seo? Pléigh na tuairimí atá agat leis an duine in aice leat. Mura bhfuil sibh cinnte tugaigí buille faoi thuairim.



Ceist 2

Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo thíos? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- volcano
- Rescue Services
- go ashore
- on the edge of the volcano
- injured and missing
- helicopters
- from abroad
- scorched
- vessel
- steam
- fragments

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3

Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceistanna seo.

1. Cé mhéad duine a maraíodh ar an oileán?
2. Cé mhéad duine a bhí ar cuairt ar an oileán, a bheag nó a mhór, lá an phléasctha?
3. Cén t-am ar bhrúcht an bolcán?
4. Cé as na daoine a gortaíodh agus a maraíodh?
5. Conas a dhéanfa cur síos ar *Ovation of the Seas*?
6. Cad a tharla céad bliain ó shin ar an oileán?
7. Cén t-eolas breise atá agat anois faoin scéal, ó craoladh an mhír?

Ceist 4 Éist go cruinn leis an tuairisc arís agus breac síos gach sampla a chloiseann tú inti, den saorbhriathar.

Ceist 5 ‘...ar fad...’ agus ‘...ar chiumhais...’

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus mínígí cén fáth a bhfuil séimhiú ar ‘ciumhais’ ach nach bhfuil ar ‘fad’?
2. Anois déanaigí iarracht na cinn seo a dhéanamh:

ar (cíos)	_____
ar (tosach)	_____
ar (madra)	_____
ar (meisce)	_____
ar (Seán)	_____
ar (maidin)	_____
ar (ceal)	_____
ar (deireadh)	_____
ar (barr)	_____
ar (fionraí)	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Ar thug tú cuairt ar aon áit chontúirteach riamh?
2. Cad a cheapann tú faoi longa cúrsála go ginearálta?
3. Cad é an cineál saoire is fearr leat féin?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag plé na ceiste seo sula seinntear an tuairisc nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

volcano – *bolcán*

Rescue Services – *na Seirbhísí Tarrthála*

go ashore – *dul i dtír*

on the edge of the volcano – *ar chiumhais an bholcáin*

injured and missing – *gortaithe agus ar iarraidh*

helicopters – *ingearáin*

from abroad – *ón gcoigríoch*

scorched – *loiscthe*

vessel – *soitheach*

steam – *gal*

fragments – *smionagar*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

- a tarraingíodh
- meastar
- a tarrtháladh
- gur cuireadh
- níor ceapadh
- a deirtear
- ardaíodh
- maraíodh

Ceist 5

- ✓ Leanann séimhiú **ar** nuair atá suíomh nó ionad áirithe i gceist:
ar Pheadar, ar bhord (sa chiall tábla), ar chóta
- ✓ Ní leanann séimhiú **ar** nuair a chuirtear staid nó coinníoll in iúl:
ar buile, ar mire
- ✓ Ní leanann séimhiú **ar** nuair atá ionad ginearálta i gceist:
ar muir, ar bord
- ✓ Ní leanann séimhiú **ar** nuair atá am i gceist:
ar ball

ar cíos

ar tosach

ar mhadra

ar meisce

ar Sheán

ar maidin

ar ceal

ar deireadh

ar bharr

ar fionraí

Ceist 6

Is féidir grúpaí de thriúr nó de cheathrar a chur le chéile chun plé a dhéanamh ar na ceisteanna. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

Siún Nic Gearailt

Thar lear anois agus tá ar a laghad cúigear maraithe agus tuairim is scór ar a laghad ar iarraidh, tar éis do bholcán pléascadh sa Nua-Shéalainn. Bhí turasóirí ag siúl i bpoll an bholcáin ar an Oileán Geal díreach sular phléasc sé. Thug na Seirbhísí Tarrthála beagnach 20 duine den oileán ina mbeatha.

Maolra Mac Donnchadha

Físeán a tarraingíodh ón mbáidín air a raibh daoine a thug na cosa ar éigean leo den oileán, cúpla nóiméad tar éis don bholcán tabhairt uaidh. Meastar go raibh thart ar leathchéad gaibhte¹ i dtír ar maidin ar Oileán Whakaari, mar a thugann na Maori air. Oileáinín gan cónaí buan air, tríocha míle amach ó Oileán Thuaidh na Nua-Shéalainne.

Bhí riar maith acu sin ar chiumhais an bholcáin, nó gaibhte cois locha sa bpoll sa mbolcán, nuair a tharla an tubaiste gan choinne.

Am lóin a bhí ann. Seo mar a bhí ar phointe a dó a chlog, agus mar seo a bhí deich nóiméad ina dhiaidh.

Grianghraif iad seo a thaispeánann daoine ag siúl sa ngleann, díreach sular phléasc sé.

An chuid eile den lá bhí sé róchontúirteach ag póilíní nó lucht cuardaigh dul i dtír, ach ó na hingearáin atá tar éis an áit a scrúdú ón aer, ní léir go bhfuil aon duine eile fós ina mbeatha.

Deir an rialtas agus na póilíní sa tír go bhfuil daoine maraithe agus gortaithe agus ar iarraidh – daoine de bhunadh na Nua-Shéalainne agus turasóirí ón gcoigríoch, as an Astráil go háirithe.

Ocht nduine dhéag a tarrtháladh. Tá siad ar fad gortaithe, cuid acu dóite agus loiscthe go dona. Bhí cuid mhaith de na cuairteoirí ar long mhór shaoire de chuid *Royal Caribbean International* – an soitheach *Ovation of the Seas*. Bhí sí ar a bealach as Sydney go Wellington, ach fanfaidh sí thar oíche anois i gcalafort Tauranga, 30 míle ón oileán.

Deir bolcáneolaithe gur cuireadh púir dheataigh agus gal agus smionagar 12,000 troigh san aer.

Níor ceapadh, a deirtear, go raibh aon bhaol mór ann – le mí anuas, ardaíodh an leibhéal contúirte, scála a théann suas go dtí a cúig, go dtí leibhéal a dó. Ach ní raibh aon bharúil is cosúil, go bpléascfadh an cnoc.

Céad bliain ó shin, maraíodh dáréag nuair a bhí tine mianadóireachta sulfair ar an oileán, ach le blianta beaga anuas tá an bolcán ag mealladh deich míle cuairteoir sa mbliain.

Maolra Mac Donnchadha, Nuacht TG4.

¹ *gafa* an leagan caighdeánach